Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Páirceáil níos éasca

Pacáiste Eolais agus Foghlama

Nollaig 2025

Fáilte

Tá athrú ag teacht ar an gcaoi a n-íocfar as páirceáil i gCathair na Gaillimhe.

Tá súil againn go gcuideoidh an pacáiste foghlama seo leat féin, le do chustaiméirí agus le cuairteoirí chun na cathrach na bealaí ar fad a bhféadfaidh siad íoc a thuiscint.

Ábhar

01

Ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe Leathanach 4

02

Do Scileanna Digiteacha Leathanach 10

03

Numeracy Skills Leathanach 16

01 Ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag déanamh uasdátú ar an chaoi a n-íocann daoine as páirceáil. Níl cuid de na seanmheaisíní páirceála ag oibrí níos mó.

Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáil réidh leis na meaisíní seo le himeacht ama. In áit na meaisíní, tá go leor bealaí éasca ann anois le híoc. Is féidir leat an bealach is fearr a fheileann duit féin a roghnú.

Bealaí le híoc as páirceáil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:

- **Bain úsáid as Aip Páirceála Chathair na Gaillimhe**
  - Íoslódáil an aip 'Galway City Parking', atá saor in aisce agus íoc le do chárta.
  - Níor cheart an aip a íoslódáil ach amháin ó shiopa oifigiúil aipeanna (mar shampla, Google Play, Apple App Store).

- **Ag íoc ar líne**
  - Téigh chuig www.GalwayCityParking.ie agus íoc le do chárt

- **Ag íoc ar an bhfón**
  - Glaoigh ar 00 353 (0)91 894 300
  - Féadfaidh tú íoc le do chárta ar an bhfón.

- **Ag íoc i Siopa Payzone**
  - Feicfidh tú comhartha bándearg Payzone taobh amuigh de na siopaí seo.
  - Féadfaidh tú íoc le hairgead tirim nó le cárta.
  - Tiocfaidh tú ar liosta de na siopaí Payzone i gCathair na Gaillimhe ar www.GalwayCity.ie/Parking

01 Ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe cúrsaí páirceála a dhéanamh simplí, cóir agus éasca do gach duine. Is fearr le daoine áirithe íocaíochtaí digiteacha, ach teastaíonn ó dhaoine eile airgead tirim a úsáid. Cuidíonn an córas nua leis an dá dhream.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt eolais agus tacaíochta chun nach bhfágfar aon duine amach. Áirítear leis seo daoine atá ag foghlaim scileanna digiteacha, daoine a bhfuil riachtanais litearthachta acu, daoine scothaosta, cuairteoirí, agus aon duine a dteastaíonn cúnamh breise uathu.

Is cuma cén bealach a n-íocann tú anois, ní theastaíonn ticéad páipéir uait. Tar éis duit íoc as an bpáirceáil, ní gá duit aon rud a chur ar taispeáint i do charr.

Caithfidh tú an t-eolas seo a bheith agat nuair atá tú ag íoc as páirceáil ar an aip, ar líne, ar an bhfón nó i siopa:

- cláruimhir an chairr/na feithicle (uimhirphláta)
- An t-achar ar mhaith leat a bheith páirceáilte
- An áit nó an ‘Zón Páirceála’

Tá cúnamh ar fáil:
Bíonn ár Maoir Pobail ag cabhrú le custaiméirí i rith an lae.

Tá Tacaíocht do Chustaiméirí ar fáil ar an bhfón ar (091) 894 300 nó ar ríomhphost chuig Parking@Payzone.ie

Zóin Pháirceála i gCathair na Gaillimhe

Gearrtar táillí éagsúla ar pháirceáil in áiteanna éagsúla i gCathair na Gaillimhe.
Tá táille amháin in aghaidh an lae ag roinnt áiteanna, mar shampla Carrchlós na hArdeaglaise agus Carrchlós Bhóthar na Díge, beag beann ar chomh fada is atá do charr fágtha ann.

In áiteanna eile, ar nós an pháirceáil sráide agus Carrchlós Shráid an Mhuilinn ligfear duit íoc as bheith páirceáilte ar feadh cúpla nóiméad nó uaireanta an chloig.

Caithfidh an Zón Páirceála a bheith ar eolas agat beag beann ar an mbealach a bhfuil tú ag íoc.

Cá bhfuilim páirceáilte?	Zón Páirceála
Páirceáil sráide ('ar an tsráid')	GCOS
Carrchlós Bhóthar na Díge	GDRC
Carrchlós na hArdeaglaise	GCTH
Carrchlós Shráid an Mhuilinn	GMCP
Carrchlós Bhóthar Shandair	GBGC

Cá bhfuilim páirceáilte?

- **Carrchlós Bhóthar Shandair -** gar do Mheánscoil Educate Together (Éirchód: H91 DP11)
- **Carrchlós na hArdeaglaise -** in aice le hArdeaglais na Gaillimhe (Éirchód: H91 A780)
- **Carrchlós Bhóthar na Díge -** gar d'Amharclann The Black Box (Éirchód H91 C9PP)
- **Carrchlós Shráid an Mhuilinn -** in aice le Stáisiún Gardaí Shráid an Mhuilinn (Éirchód: H91 FX61)
- **Páirceáil sráide ('ar an tsráid')** - seiceáil an chomharthaíocht sráide lena fháil amach an bhfuil táille i gceist.

Leideanna:

Gheobhaidh tú ainm na háite a bhfuil tú ag páirceáil ann agus 'cód an zóin' ar na póstaeir ar na cochaill atá ag clúdach shean-mheaisíní na dticéad. Beidh an chomharthaíocht á tabhairt suas chun dáta sna míonna amach romhainn le go mbeidh sé níos éasca teacht ar an eolas a theastóidh uait.

Siopaí Payzone Chathair na Gaillimhe*

Lár na Cathrach

- Londis, Cearnóg na Faiche Móire, 10 An Fhaiche Mhór
- Henchy's Daybreak, 38 An Fhaiche Mhór
- The Coffee Hut, Páirc Mhiondíola na Gaillimhe, Bóthar Áth Cinn +353 91 534 911
- Bridge Stores, Sráid an Droichid +353 91 568 774
- Newspoint, Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe +353 91 630 724
- Xl Ionad na Coiribe, Sráid an Iarsaigh +353 91 566 760
- XL Ionad na Faiche Móire +353 91 630 724
- XL Sráid Dhoiminic +353 91 535 984
- Gala, Cnoc na Radharc +353 91 539 646
- Ros News, Sráid Eglinton +353 91 569 759
- Centra, Loch an tSáile +353 91 895 740
- Londis, Bóthar an Chaisleáin Nua +353 91 585 708
- Circle K, Bóthar an Chaisleáin Nua +353 91 501 964
- Monaghans, Ardán na bhFiach +353 91 587 492
- Number 26 Foodstore, 26 Sráid Dhoiminic Uachtarach +353 91 582 740
- Monaghans an Taoibh Thiar, Bóthar Shéamais Uí Chuirc +353 91 519 816
- Spar, Sráid an Phríomhgharda +353 91 534 892

Cuardaigh lógó bándearg Payzone

Payzone

Bóthar na Trá

- XL Kelleher's, Bóthar na Trá Íochtarach +353 91 522 418
- Maxol, Ascaill na Trá Báine, Bóthar na Trá Íochtarach +353 91 589 125
- Spar, Bóthar na Trá Uachtarach

Ionaid Eile

- XL, Páirc an Labhrais
- Merlin Stores, Páirc Mhuirlinne
- Applegreen, Bóthar Thuama +353 91 381 156
- Londis, Mervue +353 91 534 892
- Alrem Stores, An Baile Bán +353 91 766 759
- Circle K, Bóthar an Choláiste +353 91 567 933
- Spar, Bóthar na Rinne Móire +353 91 751 550
- Delaneys Mace, Eastát Tionscail an Leasa Bháin
- XL, Ionad Siopadóireachta Chnoc Mhaoil Drise
- Sweeney Oil, Bóthar Áth Cinn +353 91 555 999
- Mullans Convenience Store, Bóthar Áth Cinn +353 91 760 894
- Meehans Spar, An Choill Thiar, An Caisleán Nua Uachtarach +353 91 766 530
- Central G&L, 5 An Caisleán Nua Uachtarach +353 91 521 811
- Cappagh Stores, Bóthar na Ceapaí, Cnoc na Cathrach +353 91 590 600

***Bhí an liosta cruinn i mí na Samhna 2025.**

- Tá muid ag cur ionaid eile, ina bhféadfaidh tú íoc as an bpáirceáil, leis an liosta seo i rith an ama.
- Tiocfaidh tú ar an léarscáil is deireanaí de na siopaí Payzone ag www.GalwayCity.ie/Parking

Tástáil do chuid scileanna

1.Tástáil do chuid tuisceana:

- Fíor nó Bréagach: Caithfidh tú filleadh ar do charr tar éis duit íoc. _____
- Aimsigh agus cuir líne faoi na focail seo: crios, cláruimhir, Payzone.
- Freagra gairid: Céard a dhéanfaidh tú mura bhfuil tú ag úsáid an aip?

2. Foclóir

Cén chiall atá leis na focail seo (d'fhocail féin)

- Uimhir Chláraithe
- Zón
- Cuir fad leis
- Siopa Payzone

3. Comharthaí agus siombailí

- Cén cód zóin atá ag Carrchlós Bhóthar na hArdeaglaise: _____
- Scríobh do chláruimhir go soiléir i gceannlitreacha: _____

4. Píosa gairid scríbhneoireachta

- Déan cur síos ar na bealaí a n-íocann tú go hiondúil:

- Déan liosta de na bealaí a n-íocann tú as páirceáil go hiondúil:

02

Scileanna Digiteacha



02 Do Scileanna Digiteacha

Ag úsáid na haipe

A. Céard é aip?

Clár beag ar do ghuthán atá san aip a chuidíonn leat rudaí a dhéanamh go sciobtha, mar shampla íoc as páirceáil. Is féidir cuid de na haipeanna, ar nós an aip 'Galway City Parking' atá ag Cathair na Gaillimhe, a íoslódáil saor in aisce.

B Cén chaoi a bhféadfaidh mé aip Galway City Parking a íoslódáil?

- Teastóidh fón cliste uait leis an aip a íoslódáil.
- Faigh amach ar dtús cé acu iPhone nó Android é an fón atá agat. Is é an comhlacht Apple Inc a dhéanann iPhones Inc. Tugtar Android go hiondúil ar gach fón cliste eile.
- Níor cheart an aip a íoslódáil ach amháin ó shiopa aip oifigiúil (mar shampla, Google Play, Apple App Store).

Android	iPhone
1. Oscail Google Play	1. Oscail an App Store
2. Cuardaigh Galway City Parking	2. Cuardaigh Galway City Parking
3. Tapáil Install, ansin Open	3. Tapáil Get, cuir isteach do Apple ID má iarrtar é, agus ansin Open

Breathnaigh ar an bhfíseán seo ar YouTube le tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a ndéantar aipeanna a íoslódáil:
"How to Download an App - Age Action Getting Started KIT"

02 Do Scileanna Digiteacha

C. Cén chaoi a bhféadfaidh mé íoc as páirceáil ag úsáid Aip Galway City Parking?

1

- Roghnaigh do theanga: Béarla nó Gaeilge.



2

- Logáil isteach (má tá cuntas agat cheana féin), nó
- Cláraigh (cruthaigh cuntas) nó
- Íoc anois (gan cuntas).



02 Do Scileanna Digiteacha

3

Má roghnaíonn tú **Cláraigh** cuir isteach:

- Seoladh ríomhphoist
- Pasfhocal
- Cláruimhir
- Uimhir fóin póca
- Tá / Níl don eolas margaíochta is déanaí.
- Cuir tic chun aontú leis na Téarmaí agus Coinníollacha.



4

Má roghnaíonn tú **Íoc Anois**, cuirfear i gcuimhne duit i dtosach cláruimhir na feithicle a chur isteach i gceart.



02 Do Scileanna Digiteacha

5

- Cuir isteach cláruimhir na feithicle agus do sheoladh ríomhphoist.
- Roghnaigh Tá/Níl le haghaidh téacs a fháil nuair a bhíonn an t-am beagnach caite.
- Cuir tic chun aontú leis na Téarmaí agus Coinníollacha.
- Cuir tic le Ní róbat mé.



6

- Roghnaigh an áit a dteastaíonn uait páirceáil ann
- Má tá tú ag iarraidh íoc anois, fág an bosca "amach anseo” folamh.
- Má theastaíonn uait íoc níos deireanaí cuir tic sa mbosca agus roghnaigh an dáta agus an t-am ón bhféilire agus ón gclog.



02 Do Scileanna Digiteacha

7

- Roghnaigh an áit a bhfuil tú páirceáilte (do ‘zón’)
- Roghnaigh an t-achar a theastaíonn uait a bheith páirceáilte
- Feicfidh tú an costas ansin.



8

- Roghnaigh Cárta Creidmheasa/ Cárta Dochair.
- Cliceáil ar íoc anois



02 Do Scileanna Digiteacha

9

- Cuir isteach sonraí do chárta.
- Cliceáil ar Lean ar Aghaidh
- Tá do chuid páirceála íoctha anois agat.
- Tá admháil i bhfoirm ríomhphoist seolta chugat.



Bíodh siad seo réidh agat sula dtosóidh tú - cláruimhir na feithicle (uimhirphláta), agus an áit (nó an zón) a bhfuil tú páirceáilte ann.

Má tá níos mó ná carr amháin cláraithe agat ar do chuntas, seiceáil go bhfuil an chláruimhir cheart roghnaithe agat don charr.

Ná tabhair sonraí do chárta bainc do dhuine eile go brách.

Ní úsáideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe cóid QR chun cabhrú leat íoc as páirceáil.



Íoslódáil leabhar oibre NALA, Digital Matters, le haghaidh tuilleadh tacaíochta faoi bheith ar líne: www.nala.ie/Publications/Digital-Matters/

Tástáil do chuid scileanna

1.Cleachtadh: An chéad íocaíocht (gan aon táille / rólaithris)

- Lig ort féin go bhfuil tú ag iarraidh páirceáil i gCarrchlós Shráid an Mhuilinn ar feadh 30 nóiméad.
- Bain úsáid as Uimhirphláta Cleachtais (clárú bréige) - 25G1234
- Cuir isteach sonraí bréige le haghaidh cárta.
- Tapáil Íoc agus breathnaigh céard a tharlóidh.
- Céard a bhí éasca? Céard a chuir mearbhall ort? Scríobh líne amháin anseo thíos.

2. Cleachtadh: Sábháilte nó Contúirteach? Scríobh TÁ nó NÍL

An Cás	Tá/Níl
Íoslódáil ó nasc fánach i dteachtaireacht téacs	
Suiteáil ó Google Play nó App Store	
Uimhir chárta a thabhairt do strainséir	
Na ceadanna aip a athrú i Settings	
Úsáid a bhaint as aip a bhreathnaíonn mar a chéile ach nach bhfuil aon léirmheasanna leis	

03

Scileanna Uimhearthachta

03 Scileanna Uimhearthachta

Cén fáth a bhfuil táillí i gceist?

Gearrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe táille ar pháirceáil leis an gcathair a choinneáil ag gluaiseacht agus maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí áitiúla. Nuair a ghearrtar táille bheag is mó seans nach bhfanfaidh an duine céanna sa spás an lá ar fad. Cuidíonn sé freisin le daoine an córas is fearr a roghnú dá dturas - scaití sin tiomáint, agus uaireanta eile d'fhéadfadh go bhfeilfeadh an siúl, an rothaíocht, nó iompar poiblí. Cuidíonn an t-airgead a bhailítear le híoc as rudaí cosúil le sráideanna níos sábháilte, cothabháil agus feabhsúcháin ar chúrsaí iompair.

Seiceáil na comharthaí ar an tsráid nó sa gcarrchlós i gcónaí go bhfeicfidh tú na táillí is deireanaí.



Tástáil do chuid scileanna

Zón Páirceála	Ráta in aghaidh na huaire	Ráta in aghaidh an lae	Ráta in aghaidh na míosa	Uaireanta atá le híoc
Páirceáil sráide (GCOS)	€2.50	2 uair ar a mhéid	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Bhóthar an Díge (GDRC)	X	€10	€100	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós na hArdeaglaise (GCTH)	X	€10	€100	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Shráid an Mhuilinn (GMCP)	€2.50	€22.50 ar 9 uair an chloig	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.
Carrchlós Bhóthar Shandair (GBGC)	€2.50	€22.50 ar 9 uair an chloig	X	Dé Luain – Dé Sathairn 8:30r.n.– 6:30i.n. Dé Domhnaigh 13:00r.n. – 18:00i.n.

* Praghsanna 2026 atá léirithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil praghsáil tar éis athrú.

Seiceáil comharthaíocht áitiúil nó www.GalwayCity.ie áitiúil chun an t-eolas is déanaí a fháil ar rátaí páirceála.

Tástáil do chuid scileanna

Ar an tsráid (tréimhse ghairid)

1. Páirceálann tú ar an tsráid ar feadh 45 nóiméad.
   - Cé mhéid a íocfaidh tú? € ____

2. Páirceálann tú ar an tsráid ó 10:15 go dtí 12:10.
   - An t-am iomlán? ____ uair ____ nóim
   - Costas ag €2.50/san uair? € ____
   - An bhfuil sé seo taobh istigh den 2 uair an chloig atá ceadaithe? Tá /Níl

3. Tá €1.50 agat i mboinn.
   - Cé mhéad nóiméad de pháirceáil sráide é sin? ____ nóim

Carrchlóis ghearrthréimhseacha (Sráid an Mhuilinn, Bóthar Shandair)

1. Páirceálann tú ar feadh 1 uair an chloig 30 nóiméad.
   - €2.50 an ráta in aghaidh na huaire
   - Céard a chaithfidh tú a íoc? € ____

2. Tagann tú ann ag 12:00 agus imíonn tú ag 17:10
   - Cén fhad a bhí tú ann? ____ uair ____ nóim
   - An mbeadh sé níos saoire íoc in aghaidh na huaire nó glacadh leis an ráta lae ag €22.50? Ráta in aghaidh na huaire/ ráta lae
   - Taispeáin an chaoi ar oibrigh tú amach é:

An bhfuil na freagraí agat?

Carrchlóis fhadtréimhseacha (Bóthar na Díge, an Ardeaglais)

1. Caithfidh tú páirceáil an lá ar fad (08:30–18:30).
   - Céard é an ráta lae? € ____
   - Má dhéanann tú é seo 20 lá oibre sa mhí, cé mhéad ar fad a bheidh íoctha agat? € ____
   - An mbeadh ticéad míosúil €100 níos saoire? Bheadh/Ní bheadh

Déan comparáid agus roghnaigh

1. Tá sé i gceist agat trí chuairt a thabhairt ar an gcathair an tseachtain seo: 90 nóiméad an ceann, ar an tsráid.
   - Cosnaíonn cuairt amháin € ____
   - Cosnaíonn trí chuairt € ____
   - Dá mbainfeá mar mhalairt air sin, úsáid as carrchlós gearrthréimhseach ag €2.50 san uair, an gcosnódh sé níos mó, níos lú, nó an rud céanna? _____

2. Níl cead páirceáil ar an tsráid ach ar feadh 2 uair an chloig ar a mhéad.
   - Mairfidh do choinne 2 uair an chloig 15 nóiméad.

   - Céard a d'fhéadfá a dhéanamh? (cuir tic le ceann acu)
   - □ Úsáid a bhaint as carrchlós gearrpháirceála
   - □ An pháirceáil a roinnt in dhá sheisiún ar an tsráid
   - □ Páirceáil ar an tsráid ag súil le Dia go bhfuil sé ceart go leor

   - Cén fáth? _____

Seiceáil na comharthaí gach uair lena chinntiú nach bhfuil na rátaí ná na rialacha athraithe.

Tá **Tacaíocht do Chustaiméirí** ar fáil ag:

(091) 894 300

Parking@Payzone.ie

Uaireanta Tacaíochta do Chustaiméirí:
Luan go hAoine: 9r.n – 6i.n. Dé Sathairn: 9r.n. – 5:30i.n

Tá níos mó eolais faoi bheith ag páirceáil i gCathair na Gaillimhe le fáil ar www.GalwayCity.ie/Parking



Tá an t-eolas seo bailí ón 9 Nollaig 2025 i leith

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council